Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2022
(OR. en)

11037/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0200(NLE)

TRANS 474
RELEX 951

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10421/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar<br>– Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>– Comhaontú i bprionsabal |

1. Fuair an Coimisiún sainordú an 2 Meitheamh 2022 ar dá réir a chuir an Coimisiún tús leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin chun comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le hiompar earraí de bhóthar. Toradh na caibidlíochta sin is ea an Comhaontú thuas.

2. An 17 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin. Ghlac an Chomhairle an cinneadh uaidh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe an 27 Meitheamh 2022. Síníodh an comhaontú an 29 Meitheamh 2022 agus tá feidhm shealadach aige ón lá sin.

3. Foilsíodh an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 6 Iúil 2022[1].

[1] *IO L 179, 6.7.2022, lch. 1.*

4. An 5 Iúil 2022, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.

5. D'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle, i mír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar atá in 10461/22 mar aon le téacs an Chomhaontaithe in 10151/22, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.